

**Ceist le haghaidh freagra ó bhéal O-000038/2018  
chuig an gComhairle**

Rule 128

**João Ferreira, João Pimenta Lopes, Miguel Viegas, Sabine Lösing, Dennis de Jong, Martin Schirdewan, Nikolaos Chountis, Xabier Benito Ziluaga, Tania González Peñas, Miguel Urbán Crespo, Estefanía Torres Martínez, Lola Sánchez Caldentey, Marie-Christine Vergiat, Rina Ronja Kari, Patrick Le Hyaric, Eleonora Forenza, Luke Ming Flanagan, Merja Kyllönen, Kostadinka Kuneva, Paloma López Bermejo, Marina Albiol Guzmán, Barbara Spinelli, Sofia Sakorafa, Marisa Matias, Neoklis Sylikiotis, Maria Lidia Senra Rodríguez, Takis Hadjigeorgiou, Curzio Maltese, Anne-Marie Mineur, Malin Björk, Javier Couso Permuy, Ángela Vallina, Younous Omarjee, Martina Anderson, Lynn Boylan, Matt Carthy, Liadh Ní Riada, Kathleen Van Brempt, Liliana Rodrigues, Ricardo Serrão Santos, Carlos Zorrinho, Ana Gomes, Nicola Caputo, Theresa Griffin, Karin Kadenbach, Ernest Urtasun, Pascal Durand, Molly Scott Cato, Bronis Ropé, Bart Staes, Jill Evans, Klaus Buchner, Claude Turmes, Monika Vana**

Ábhar: An Conradh um Thoirmeasc ar Airm Núicléacha (TPNW)

Tá airm núicléacha ar an mbagairt is tromchúisí ar an gcine daonna, toisc go mbeadh bás forleathan agus scriosadh ann mar thoradh orthu, agus go scaoilfí amach radaíocht a mbeadh rian fadtéarmach aici ar feadh na mblianta ina dhiaidh.

I ngeall ar fhairsinge agus neart na n-armlann núicléach atá ann faoi láthair agus ar an teannas atá ag méadú go hidirnáisiúnta dá bharr, tá gá práinneach ann le dí-armáil núicléach – rud riachtanach chun síocháin, slándáil agus todhchaí an chine dhaonna a choimirciú.

Ar an 7 Iúil 2017, rinneadh comhdháil de chuid na Náisiún Aontaithe a thionól chun caibidlíocht a dhéanamh ar ionstraim a bheadh ceangailteach ó thaobh dlí de lena gcuirfí toirmeasc ar airm núicléacha, ionas go mbeidh deireadh leo amach anseo – cuspóir coiteann idir na 122 stát tionscnóirí – agus lena nochtfaí dóchas na ndaoine go mbeidh domhan ann a bheidh saor ó airm núicléacha. Leis sin rinneadh Conradh na Náisiún Aontaithe um Thoirmeasc ar Airm Núicléacha (TPNW) a rith.

Tá an Conradh ar oscailt lena shíniú agus lena dhaingniú ag Ballstáit éagsúla na Náisiún Aontaithe ón 20 Meán Fómhair 2017.

Nuair a labhair buaiteoir Dhuais Síochána Nobel 2017, an Feachtas Idirnáisiúnta chun Deireadh a Chur le hAirm Núicléacha (ICAN), le Parlaimint na hEorpa, luaigh sé an tábhacht a bhaineann le síniú agus daingniú an chonartha.

Tá sainordú leagtha síos ag na Náisiúin Aontaithe do chomhdháil ardleibhéil maidir le dí-armáil núicléach, a reáchtálfar i gceanncheathrú na Náisiún Aontaithe ón 14 Bealtaine chuig an 16 Bealtaine 2018, chun dul chun cinn a dhéanamh ar bhearta éifeachtacha i dtaca le laghdú riosca agus dí-armáil núicléach.

Iarrtar ar an gComhairle an cheist seo a leanas a fhreagairt:

- An bhfuil sé ar intinn aici an chomhdháil seo de chuid na Náisiún Aontaithe agus seasamh na mBallstát maidir le TPNW a phlé?

Curtha síos: 4.4.2018

Curtha ar aghaidh: 5.4.2018

Spriccam le haghaidh freagra: 26.4.2018